COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2013 (20.06)**
**(OR. en)**

**11134/13**

**FISC 130**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| An Chomhairle chuig: | An Ardrúnaíocht<br>Coreper/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó) Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Tá an Mheitheal um an gCód Iompair tar éis tuarascáil a ullmhú a rinneadh le linn Uachtaránacht na hÉireann (11133/13) Mar is gnáth, ba cheart go mbeadh an tuarascáil seo ag gabháil leis na Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach thíos.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin é a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle na conclúidí a leanas:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

- is díol sásaimh di an dul chun cinn a chuir an Mheitheal um an gCód i gcrích le linn Uachtaránacht na hÉireann mar a leagtar sin amach ina tuarascáil;

- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoi Phacáiste Oibre 2011;

- spreagann sí an Coimisiúin chun leanúint den chaibidlíocht leis an Eilvéis mar atá sí leagtha amach i dTuarascáil na Meithle agus chun an Mheitheal a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn;

- iarrann sí ar an nGrúpa leanúint den bhreathnú ar an dreacht-treoir i gcoinne pleanála neamhréireachta eintiteas hibride faoi Uachtaránacht na Liotuáine;

- iarrann sí ar an Meitheal tuairisc ar a cuid oibre a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Polainne."